C/2025/2980

26.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11990 — CLEARLAKE / DUN & BRADSTREET)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2980)

1. An 19 Bealtaine 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Clearlake Capital Group, L.P. (SAM),

— Dun & Bradstreet Holdings, Inc. (SAM).

Gheobhaidh Clearlake Capital Group, L.P. rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Dun & Bradstreet Holdings, Inc. ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháideach é Clearlake Capital Group, L.P. a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i seirbhísí bogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht, i réimsí an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na dtáirgí bia agus na n-earraí tomhaltais. Tá Clearlake Capital Group, L.P. gníomhach ar fud an domhain.

— Is soláthraí domhanda sonraí tráchtála agus anailísíochta é Dun & Bradstreet Holdings, Inc. a dhéanann speisialtóireacht i dtuairisciú creidmheasa gnó agus i measúnú riosca.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11990 — CLEARLAKE / DUN & BRADSTREET

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË